Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Má tá a thuilleadh eolais uait, téigh i dteagmháil le(is):

An Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh
Teach D'Olier
Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
Íosghlao: 1890 74 74 34
Facs: (01) 6718391
Ríomhphost: swappeals@welfare.ie
Suíomh gréasáin: www.socialwelfareappeals.ie

SW 56

Oifig Achomharc
Leasa Shóisialaigh



OIFIG ACHOMHARC
LEASA
SHÓISIALAIGH

Tús Eolais

30K 08-09

Eagrán: Lúnasa 2009

Céard a tharlaíonn i gcás nach n-aontaím le cinneadh a rinne an toifigeach Breithiúnachta sa Roinn?

Mura n-aontaíonn tú le cinneadh Oifigeach Breithiúnachta faoi do theidlíochtaí, tá sé de cheart agat achomharc a dhéanamh chuig An Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh.

Céard í An Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh?

Bíonn an Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh ag feidhmiú go neamhspleách ar an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Tá Príomh-Oifigeach Achomhairc i gceannas uirthi agus tá a hOifigigh Achomhairc féin aici, a dhéanann na cinntí.

Tá ceanncheathrú na nAchomharc ag Teach D'Olier i mBaile Átha Cliath agus bíonn achomhairc i gceantar Bhaile Átha Cliath á n-éisteacht ansin. Bíonn Oifigigh Achomhairc ag tabhairt cuairte ar chathracha agus ar bhailte móra eile ar fud na tíre, chun laghdú a dhéanamh ar an achar is gá duit taisteal le haghaidh éisteacht achomhairc.

Cén chaoi a ndéantar achomharc?

Má tá tú míshásta le cinneadh a rinne Oifigeach Breithiúnachta, ba cheart duit achomharc a dhéanamh taobh istigh de 21 lá ó insíodh an scéal duit. Tá sé de rogha ag an bPríomh-Oifigeach Achomhairc an tréimhse seo a shíneadh i gcásanna áirithe.

Is féidir achomharc a dhéanamh trí fhoirm a chomhlánú, ar féidir í a fháil ó d'Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh, nó d'fhéadfá d'achomharc a mhíniú i litir. Is é an rud is tábhachtaí ná go míneofá do chás go hiomlán.

Beidh na daoine san Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh sásta an fhoirm nó an litir a chur ar aghaidh go dtí An Príomh-Oifigeach Achomhairc duit nó is féidir leat í a sheoladh go díreach, go dtí:

An Príomh-Oifigeach Achomhairc
An Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh
Teach D'Olier
Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2

Ba cheart duit na sonraí seo a leanas a chur san achomharc:

- d'ainm,
- do sheoladh,
- d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (Uimh. PSP) (mar an gcéanna leis an uimhir IÁS),
- an cineál íocaíochta ba mhaith leat a éileamh,
- an cinneadh a bhfuil achomharc á dhéanamh agat ina choinne, agus
- na fáthanna a gcreideann tú go bhfuil an cinneadh mícheart.

Ba chóir duit cinneadh scríofa an Oifigigh Breithiúnachta, nó cóip de, a chur san áireamh chomh maith. Cabhróidh sé seo leis an Oifigeach Achomhairc déileáil le d'achomharc.

Más mian leat teacht ar aon eolas nó doiciméid a d'úsáid an tOifigeach Breithiúnachta chun an cinneadh a dhéanamh, téigh i dteagmháil leis an rannóg den Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ina ndearnadh déileáil le d'iarratas.

Céard a tharlaíonn ansin?

Nuair a fhaighimid d'fhoirm nó do litir achomhairc, cuirfimid admháil chugat. Is gá dúinn í a chur ar aghaidh go dtí an Roinn ansin, dá dtráchtanna ar na pointí a dhéanann tú le tacú le do chás. D'fhéadfadh an Roinn a gcinneadh a athrú ag an am sin, mar gheall ar fhianaise nua ar bith. Mura n-athraíonn siad an cinneadh, déanfaidh Oifigeach Achomhairc measúnú ar do chás.

D'fhéadfadh Oifigeach Achomhairc cinneadh éisteacht bhéil a chur ar siúl i leith d'achomhairc, agus tabharfar cuireadh duit a bheith i láthair. Ar thaobh eile na seithe, d'fhéadfadh an tOifigeach Achomhairc a bheith in ann déileáil le do chás ar bhunús na fianaise scríofa a chuireann tú ar fáil. Cibé a dhéanfar, cuirfear litir chugat le toradh d'achomhairc a chur in iúl duit.

Cén fáth a mbeadh éisteacht achomhairc ann?

- Cuireann an éisteacht achomhairc deis ar fáil don Oifigeach Achomhairc tuilleadh sonraí a fháil faoi do chás.
- Déanaimid tréaniarracht an éisteacht a choinneáil chomh neamhfhoirmiúil agus is féidir.

An gá dom táille a íoc ar achomharc?

Ní gá. Ní gá duit táille ar bith a íoc chun achomharc a dhéanamh. Más gá duit taisteal le freastal ar éisteacht, cuirfidh an Oifig Achomharc cúiteamh ar fáil duit le haghaidh costais taistil réasúnta. Is féidir leat cúiteamh a fháil chomh maith, i leith tuilleamh caillte, má bhí ort lá saor a fháil ó obair le freastal ar an achomharc.

An gá go mbeadh dlíodóir liom?

Ní gá. Cé gur féidir leat ionadaí dlí a thabhairt leat, más mian leat. D'fhéadfadh an tOifigeach Achomhairc cúiteamh a bhronnadh ar ionadaí, amhail dlíodóir, má thugann tú duine acu leat go dtí an éisteacht.

Ach bíonn an cúiteamh seo faoi shrian na bhfíor-chostas a bhaineann le freastal ar an éisteacht. Is gá duit aon chostais dhlíthiúla a íoc tú féin.

Conas a inseofar an cinneadh dom?

Gheobhaidh tú cinneadh an Oifigigh Achomhairc i bhfoirm scríofa, taobh istigh de thuairim is ceithre seachtaine de ghnáth, má bhí éisteacht ar siúl. Mura n-éiríonn le d'achomharc, inseoidh an tOifigeach Achomhairc duit cén fáth.

An cinneadh deiridh é cinneadh an Oifigigh Achomhairc?

Is gnách go mbíonn cinneadh an Oifigigh Achomhairc críochnaitheach agus dochloíte. Ach d'fhéadfaí é a athrú sna cúinsí seo a leanas:

- mar gheall ar fhianaise nua atá tagtha chun solais ó rinneadh an cinneadh.
- d'fhéadfaí é a achomharc chuig an Ard-Chúirt, ach ar phointe dlí amháin.
- d'fhéadfadh an Príomh-Oifigeach Achomhairc athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh ar bith nuair a fheictear dó go ndearnadh botún maidir leis an dlí nó na fíricí. Agus iarratas á dhéanamh ar a leithéid d'athbhreithniú, is gá don achomharcóir na fáthanna a gcreideann sé/sí go ndearnadh botún maidir leis an dlí nó na fíricí a lua.